



*'Formative assessment is the process of seeking and interpreting evidence for use by learners and their teachers to decide where the learners are in their learning, where they need to go and how best to get there'*

...Assessment Reform Group (2002)

# Scoláirí mar Acmhainní dá chéile

Scoláirí a ghníomhachtú le haghaidh comhoibrithe, piarfhoghlama agus measúnaithe

## CAD É?

Is gníomhaíochtaí comhoibríocha agus idirphearsanta iad staidéar an Cheoil, éisteachtaí, seinm agus cumadóireacht, áit a bhforbraítear scileanna sóisialta trí smaointe, scileanna agus eispéiris a roinnt. Cuireann ceol timpeallacht ar fáil ina mbíonn scoláirí sábháilte chun rioscaí cruthaitheacha a iniúchadh, a thriail agus a ghlacadh. Moltar do scoláirí comhoibriú i mbunú agus i gcur i láthair smaointe agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibre agus ar shaothar daoine eile.

## MAR SIN cad é an fhuaim a bheadh air sin i seomra an Cheoil?

### Bris an fhoghlaim síos ina smutáin greamaithe ag cur chun cinn na foghlama ó mhéid iomlán an ranga i ngrúpaí níos lú


1. Múin agus ath-mhúin, más gá, na smutáin greamaithe chun deis a thabhairt do gach scoláire foghlaim taobh istigh den ghrúpa ranga iomlán, m.sh., más léiriú é, múin na príomh-mhóitífeanna agus míreanna ón amhrán a bheidh á sheinm acu

2. Roinn an rang ina ngrúpaí uirlisí m.sh., gach dordánaí le chéile, gach imreoir cnaguirlisí le chéile, agus gach amhránaí le chéile srl. Déanfaidh siad cleachtadh anois ar a smután faoi seach ina ngrúpa uirlise ar leith

3. Nuair a bheidh foghlaim an ghrúpa uirlisí bainte amach, roinn an rang iomlán ina dhá leath, ag comhcheangal na n-uirlisí chun 2 bhanna ar leith a chruthú

4. Nuair a bhíonn na 2 bhanna réasúnta compórdach agus muiníneach as a léiriú, roinn tuilleadh iad ina 4 bhanna níos lú agus é de chúram orthu aontú ar an léirmhíniú agus ar an léiriú deiridh

### Múnlaigh an próiseas comhoibrithe le chéile




**Mínigh** cén comhoibriú atá ann agus conas a chabhróidh sé leo foghlaim agus a tuiscint a chur i bhfeidhm

**Léiriigh** trí shamhaltú agus smaoineamh amach os ard

Comhoibríonn múinteoir agus scoláire **le chéile**

Comhoibríonn scoláirí anois le do **thacaíocht** trí bheith i láthair

Bain an scafall agus lig do scoláirí oibriú **go neamhspleách**

**Roinn cur chuige eile a oibríonn duit i do sheomra ceoil**

## AGUS CAD É ANOIS?

- Cé chomh mór is a threoraímid, a thacaímid agus a dhéanaimid monatóireacht ar fhoghlaim na scoláirí agus iad ag comhoibriú?
- Conas a chuirimid deiseanna ar fáil do scoláirí measúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar obair a chéile i gcoinne critéir chomhaontaithe?
- Cad iad na tacaíochtaí atá i bhfeidhm chun obair éifeachtach ghrúpa a chumasú?



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers